# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2010

---

## GAEILGE – ARDLEIBHÉAL – PÁIPÉAR II

**(90 marc)**

---

**DÉARDAOIN, 10 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.45 go dtí 4.15**


---

**ROINN I** **PRÓS LITEARTHA** **30 MARC**

**Ceist 1**. Léigh an sliocht seo agus freagair **trí cinn** de na ceisteanna a ghabhann leis. **(15 mharc)**
Ní mór ceist **amháin** a roghnú as **A** agus ceist **amháin** a roghnú as **B**.
Is féidir an **tríú ceist** a roghnú as **A** *nó* as **B**. Ní gá níos mó ná **leathanach** a scríobh.
*Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat.*

# Pictiúr a Goideadh

**1.** Sheas an príomhoide, an tUasal Mac an tSionnaigh, ar an ardán, a cheann faoi agus gan húm ná hám as ar feadh i bhfad. Fear crua a bhí sa phríomhoide, ach an lá áirithe seo bhí cuma bhuartha air. Thosaigh sé ag féachaint ó thaobh go taobh. D'éirigh na páistí agus na múinteoirí míshuaimhneach.



**2.** Ansin thosaigh an tUasal Mac an tSionnaigh ag caint. Labhair sé go mall réidh i nglór íseal. Chloisfeá biorán ag titim. Bhí gach duine ag iarraidh na focail a chloisteáil. 'Tharla rud éigin sa scoil ag an deireadh seachtaine agus ba mhaith liom go n-éistfeadh sibh go han-chúramach liom,' a dúirt sé. 'Goideadh pictiúr a bhí ar crochadh ar chúlbhalla halla na scoile le breis agus céad bliain anuas. Tá mé an-bhuartha faoi mar go bhfuil an pictiúr a goideadh ar an bpictiúr is luachmhaire ar domhan.'

**3**. Bhí monabhar cainte le cloisteáil i measc scoláirí agus múinteoirí na scoile. D'iompaigh gach duine thart le féachaint ar chúlbhalla an halla. Ceart go leor, bhí imlíne dhronuilleogach san áit a raibh an phéint ar dhath níos éadroime ná an chuid eile den bhalla. Ba léir go mbíodh rud éigin ar crochadh ansin le tamall fada de bhlianta ach ní raibh duine ar bith ábalta a rá cad é go díreach a bhí ann. D'fhéach gach duine ar ais ar an bpríomhoide ag súil le míniú uaidh ar an mistéir seo. Níor cheap siad gurbh é an pictiúr a bhí ar iarraidh a bhí ag cur as dó. Caithfidh go raibh cúis éigin eile leis.

**4.** 'An bhfuil tú ag rá linn gur briseadh isteach sa scoil?' a d'fhiafraigh Bean Uí Leanaí, an múinteoir a bhí i bhfeighil scoláirí na chéad bhliana sa scoil. Bhí an chuma ar an bpríomhoide faoin am seo gur mhaith leis imeacht de rith as an áit ach d'fhan sé mar a raibh sé agus é fós ag féachaint ó thaobh go taobh. 'Níor briseadh isteach,' a d'fhreagair sé go grod, 'ach creid mé, rinneadh damáiste nach féidir a leigheas. Ach is léir nach dtuigeann sibh an chiall atá leis an bhfocal *luachmhar*.' Bhí fearg ina ghlór agus é ag bogadh go mífhoighneach ó chos go cos.




**5.** 'Tá deireadh le himeachtaí i ndiaidh am scoile. Tá mé ag iarraidh oraibhse, a scoláirí, dul caol díreach abhaile i ndiaidh am scoile gach lá as seo amach. Téigí anois chuig bhur seomraí ranga. Tá oideachas le cur oraibh.' Leis sin d'fhág an príomhoide an halla agus chuaigh sé de bhogshodar i dtreo a oifige féin. Fágadh gach duine ina thost. Ba léir nár thuig duine ar bith cén fáth a raibh an príomhoide chomh corraithe sin i dtaobh an phictiúir a goideadh. Ba ríshoiléir fosta gur cheap an príomhoide go raibh baint ag duine éigin sa scoil leis an ngadaíocht. Ach cé a dhéanfadh a leithéid agus cad chuige a ndéanfadh sé é?

**6.** Nuair a scaipeadh an scéal an tráthnóna sin, shíl idir mhúinteoirí, dhaltaí agus thuismitheoirí go raibh an príomhoide ag déanamh cnocáin de chnapán. Nach raibh sé soiléir do gach duine nach raibh sa phictiúr a bhí ar crochadh i halla na scoile ach cóip amaitéarach den phictiúr cáiliúil, *An Mona Lisa*? Ba chuimhin le cuid de na daoine ba shine san áit gur ghoid Vincenzo Perugia *An Mona Lisa* sa bhliain 1911. Ach nár thug sé ar ais é dhá bhliain ina dhiaidh sin? Nó ar thug? B'fhéidir gur chóip bhréagach de a thug Perugia ar ais! B'fhéidir go raibh *An Mona Lisa* ceart ar crochadh i halla Scoil an Chnoic ó shin i leith, gan fhios don saol!

(Sliocht athchóirithe as an leabhar **Scoil an Chnoic** le **Jacqueline de Brún)**

**Ceisteanna (iad ar cómharc)**

**A ( Buntuiscint )**

**(i)** Luaigh **dhá** chúis a raibh 'cuma bhuartha' ar an bpríomhoide. (**Alt 2**)

**(ii)** Luaigh **dhá** rud a thug gach duine faoi deara nuair a d'iompaigh siad thart. (**Alt 3**)

**(iii)** Bhí dhá thuairim ann maidir le scéal an phríomhoide.
Breac síos an **dá** thuairim sin. (**Alt 6**)

**B ( Léirthuiscint Ghinearálta )**

**(i)** '*Fear crua a bhí sa phríomhoide.*'
An léiríonn an príomhoide na tréithe sin sa sliocht seo? Is leor **dhá** phointe eolais a lua.

**(ii)** Luaigh **dhá** phointe eolais a léiríonn an t-atmaisféar míchompordach a bhí sa halla scoile.

**(iii)** An dóigh leat go bhfuil críoch an scéil anseo sásúil? Is leor **dhá** chúis a lua i do fhreagra.

---

**Ceist 2.** Freagair **A** *nó* **B** anseo. Ní gá níos mó ná **leathleathanach** a scríobh. **(15 mharc)**

**A**

**(i)** Ainmnigh gearrscéal Gaeilge *nó* úrscéal Gaeilge *nó* dráma Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil an cineál céanna *ábhair* i gceist ann is atá sa sliocht i g**Ceist 1**.

<u>Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir</u>.

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa saothar sin faoin gcineál sin *ábhair*.

*nó*

Déan comparáid **ghairid** idir a bhfuil sa sliocht i g**Ceist 1** faoin *ábhar* úd agus a bhfuil faoin *ábhar* céanna sa saothar atá ainmnithe agat.

**B**

**(i)** Maidir le do rogha **ceann amháin** de *na hábhair* seo a leanas, ainmnigh gearrscéal Gaeilge *nó* úrscéal Gaeilge *nó* dráma Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil *an t-ábhar* sin i gceist ann.

<u>Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir</u>.

(a) Cúrsaí Spóirt (b) An Dúlra (c) Saol na Scoile

(d) An Saol faoin Tuath (e) Saol na Cathrach (f) Taisteal

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa saothar sin faoin *ábhar* atá roghnaithe agat.

**Nóta**: I gcás **A** *nó* **B** thuas, tá cead agat dráma Gaeilge a ainmniú ar ghlac tú páirt ann le linn do chúrsa.

---

## ROINN II FILÍOCHT 30 MARC

**Ceist 3**. Léigh an dá dhán thíos agus freagair **trí cinn** de na ceisteanna a ghabhann leo. **(15 mharc)**
Ní mór **ceist amháin** a roghnú as **A** agus **ceist amháin** a roghnú as **B**.
Is féidir an **tríú ceist** a roghnú as **A** *nó* as **B**. Ní gá níos mó ná **leathanach** a scríobh.
*Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat*.

### An Púdal Béal Dorais

Is réalta é Púdailín,
an créatúirín de mhaidrín,
a rug an bua iontach leis
ag Seó na Madraí i gCrufts.

Nuair a tháinig Púdailín abhaile
bhí an Taoiseach ann is Teachtaí Dála,
bronnadh saoirse na cathrach air
agus litir ghairdis ón bPáirc.

Is cúis onóra í d'Éireannaigh,
agus is onóir leis go bhfuilimid
bródúil aisti, go bhfuair ár bpúdal
an bua ar mhadraí móra an tsaoil.

Ach ní raibh saol an mhadra bháin
gan scamall mar níor tugadh cead a chinn
don phúdal, meascadh le maidríní na sráide
ar nós a chompánaigh, ar nós a chairde.

(le **Pilib Ó Brádaigh**)

**Teideal**: púdal: madra beag
**L.8**: litir ghairdis: litir chomhghairdis
**L.8**: ón bPáirc: ó Uachtarán na hÉireann i bPáirc an Fhionnuisce
**L.14**: gan scamall: gan bhrón
**L.16**: ar nós: cosúil le

### Daonáireamh 1911
(Mamó ag caint lena gariníon)

Suigh síos taobh liom a stór
go bhfoghlaimeoimid go leor
faoi na daoine a tháinig romhainn
sula raibh aon smaoineamh orainn.

Saor cloiche ba ea mo sheanathair,
Muiris Ó Gormáin, ar thaobh mo mháthar,
bhí lámh aige i dtógáil an tséipéil
agus na mballaí cloch sa cheantar.

Ba chainteoir Gaeilge í mo shin-seanmháthair,
Bríd Ní Dhuibhir ó Ghleann Dá Locha,
gan léamh ná scríobh ag an gcréatúirín
ach í ag obair ó dhubh go dubh.

Ní luaitear gairm bheatha leis na mná,
mná céile, iníonacha agus cailíní aimsire,
gan stádas, gan chéim, gan éirí in airde,
iad ar an runga ab ísle den dréimire.

(le **Róise Ní Ghráda**)

**Teideal**: daonáireamh: comhaireamh daoine
**L.5**: saor cloiche: tógálaí a oibríonn le clocha
**L.9**: sin-seanmháthair; máthair na seanmháthar
**L.12**: ó dhubh go dubh: ó mhaidin go hoíche
**L.13**: gairm bheatha: slí bheatha; post
**L.16**: runga: céim i ndréimire

### Ceisteanna (iad ar cómharc)

### A (Buntuiscint)

**(i)** Mínigh i d'fhocail féin a bhfuil i gceist sna **línte 9 – 12** sa dán *Daonáireamh 1911*.

**(ii)** (a) Cén áit ar rug Púdailín an bua iontach leis? (*An Púdal Béal Dorais*)
(b) Luaigh gradam **amháin** a bronnadh ar Phúdáilín. (*An Púdal Béal Dorais*)

**(iii)** (a) Luaigh **rud amháin** a thóg Muiris Ó Gormáin atá luaite sa dán *Daonáireamh 1911*.
(b) Cén fáth a bhfuil Éireannaigh bródúil as bua Phúdailín? (*An Púdal Béal Dorais*)

### B (Léirthuiscint)

**(i)** Tá *díomá* nó *brón* léirithe sa véarsa deireanach sa dá dhán. I gcás dáin **amháin**, déan cur síos i do fhocail féin ar an gcaoi a gcuireann an file an *díomá* nó *an brón* os ár gcomhair.

**(ii)** I gcás ceann **amháin** den dá dhán, déan cur síos ar an saghas duine é an file a chum an dán, dar leat. Is leor **dhá phointe** eolais a lua.

**(iii)** Cé acu ceann den dá dhán is fearr a thaitin leat? Luaigh **dhá chúis** le do fhreagra.

**Ceist 4**. Freagair **A** *nó* **B** anseo. (Ní gá níos mó ná **leathleathanach** a scríobh.) **(15 mharc)**

## A

**(i)** Ainmnigh dán Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil an cineál céanna *ábhair* i gceist ann is atá i do rogha **ceann amháin** den dá dhán i g**Ceist 1** thuas.

Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir.

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil faoin gcineál sin *ábhair* sa dán atá ainmnithe agat agus ar an gcaoi a gcuireann an file an t-ábhar sin os ár gcomhair.

*nó*

Déan comparáid **ghairid** idir a bhfuil faoin *ábhar* úd sa dán atá roghnaithe agat as **Ceist 1** agus a bhfuil faoin *ábha*r céanna sa dán atá ainmnithe agat.

## B

**(i)** Ainmnigh dán Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil do rogha **ceann amháin** de *na saghsanna daoine* seo thíos i gceist ann.

Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir.

(a) Duine cáiliúil (b) Duine áthasach (c) Duine brónach

(d) Duine feargach (e) Duine i ngrá (f) Duine uaigneach

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa dán sin faoin *saghas duine* atá roghnaithe agat agus ar an gcaoi a gcuireann an file *an saghas duine* sin os ár gcomhair.



**THALL** →

| ROINN III | LITIR | 30 MARC |
|---|---|---|

**Ceist 5**. Freagair **A** *nó* **B** *nó* **C** anseo. (Ní gá níos mó ná **leathleathanach** a scríobh.)

## A

Ceapadh príomhoide nua i do scoil féin le déanaí. Scríobh **litir** chuig do chara ag insint dó/di faoi.

I do litir luaigh

- **dhá** phointe eolais faoin bpríomhoide nua
- **dhá** phointe eolais faoin bpríomhoide deireanach
- pointe **amháin** eile faoi ról an phríomhoide.

## B

Tá tú ar do laethanta saoire i dtír iasachta. Scríobh **litir** chuig do chara ag insint dó/di faoin tír ina bhfuil tú.

I do litir luaigh

- **dhá** phointe eolais i dtaobh na tíre ina bhfuil tú
- **dhá** phointe eolais i dtaobh na rudaí atá déanta agat ó shroich tú an tír ina bhfuil tú
- pointe **amháin** eile faoi rud éigin nár thaitin leat faoin tír ina bhfuil tú.

## C

Léigh tú alt i nuachtán faoin ábhar: **'Tá sé in am deireadh a chur leis an Teastas Sóisearach.'** Scríobh **litir** chuig eagarthóir an nuachtáin i dtaobh an ailt sin.

I do litir luaigh

- **dhá** mhórphointe a bhí san alt ar an ábhar
- **dhá** thuairim eile uait féin ar an ábhar
- pointe **amháin** eile faoin alt.

# Leathanach Bán

**Leathanach Bán**